

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026
(OR. en)

7935/26

SPORT 16

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An mheabhairshláinte sa spórt: idir athléimneacht an duine féin agus fhreagracht an chórais – <i>Seisiún tuairimíochta</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, nóta stiúrtha ón Uachtaránacht faoin ábhar thuasluaite, d'fhonn ullmhú don seisiún tuairimíochta a thionólfar sa Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) an 12 Bealtaine 2026.

An mheabhairshláinte sa spórt: idir athléimneacht an duine féin agus fhreagracht an chórais

Cúlra

Is tosaíocht í an mheabhairshláinte sa spórt atá ag teacht chun cinn ar fud an Aontais Eorpaigh. Laistigh de Phlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2024-2027, aithnítear an mheabhairshláinte mar ghné thábhachtach den bheartas spóirt, a bhfuil ceangal idir í agus rannpháirtíocht, feidhmíocht agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil an spóirt¹. Leagadh béim bhreise sna malartuithe i measc na mBallstát ag cruinniú na nArd-Stiúrthóirí Spóirt i mí Feabhra 2026, ar an ngá atá le cuir chuige chomhordaithe i leith na meabhairshláinte sa spórt ar fud na hEorpa a neartú.

Tá níos mó i gceist leis an meabhairshláinte sa spórt ná gan meabhairghalair a bheith ar dhuine²; cuimsíonn sé comhpháirteanna mothúchánacha, cognaíocha agus feidhmiúla, lena n-áirítear cumas daoine aonair déileáil le deacrachtaí, caidrimh a choinneáil ar bun, agus feidhmiú go héifeachtach i róil laethúla. Cé go n-aithnítear go forleathan gur féidir leis an spórt rannchuidiú go dearfach leis an bhfolláine mheabhrach ar feadh an tsaoil, thug na Ballstáit dá n-aire ag an gcruinniú sin gur féidir le deacrachtaí meabhairshláinte difear a dhéanamh do rannpháirtíocht, feidhmíocht agus rannpháirtíocht fhadtéarmach sa spórt.

¹ Comhairle an Aontais Eorpaigh. (2024). Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (an 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027) (C/2024/3527). [Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, C 2024/3527](#).

² An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. (2004). An mheabhairshláinte a chur chun cinn: Coincheapa, fianaise atá ag teacht chun cinn agus an cleachtas. [An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte](#)

Léiríonn fianaise eolaíoch agus plé beartais go bhféadfadh rannpháirtíocht i dtimpeallachtaí iomaíocha na lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus an lucht saothair spóirt i gcoitinne a nochtadh do bhrúnna síceolaíocha suntasacha³. Is minic a thuairiscítear na dúshláin sin i ndáil le príomhphointí aistrithe, mar atá próisis roghnúcháin lúthchleasaithe agus próisis díroghnúcháin, tréimhsí gortaithe agus athshlánaithe, agus an t-aistriú amach as gairmeacha spóirt, agus le linn tréimhsí d'éilimh mhéadaitheacha feidhmíochta, a bhfuil impleachtaí acu d'fholláine shíceolaíoch agus do mheabhairshláinte an duine a bheadh i gceist. Déantar difear freisin do chóitseálaithe agus d'oifigigh spóirt (breithiúna, réiteoirí agus maoir), a oibríonn i dtimpeallachtaí ardbhrú arb é is príomhthréith iontu ualach oibre trom, róil chasta, agus, i gcásanna áirithe, neamhshláine post. D'fhéadfadh na dálaí sin cur leis an traochadh, leis an bhfolláine laghdaithe, agus le saincheisteanna meabhairshláinte eile, agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith acu maidir le daoine a choinneáil sa spórt agus b'fhéidir maidir le lucht saothair spóirt a earcú agus a fhorbairt.

Forbraíodh réimse tionscnamh ar fud an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí múscailte feasachta, oideachas agus oiliúint do chóitseálaithe, rochtain ar sheirbhísí tacaíochta síceolaíochta, bearta coimirce, agus tacaíocht déghairme. Chuidigh na hiarrachtaí sin le haitheantas méadaitheach a thabhairt don mheabhairshláinte mar ghné thábhachtach den bheartas spóirt, agus thug Ballstát amháin ar a laghad leithdháiltí cistiúcháin ilbhliantúla isteach chun iarrachtaí a neartú chun aghaidh a thabhairt ar dhrochshláinte mheabhrach i dtimpeallachtaí spóirt.

I dTreo Dearcadh Beartais Níos Leithne

Ag cruinniú na nArd-Stiúrthóirí Spóirt i mí Feabhra 2026, d'admhaigh na Ballstáit go bhfuil dlúthnasc idir an mheabhairshláinte sa spórt ní hamháin le tosca aonair, ach leis na timpeallachtaí ina dtarlaíonn an spórt freisin. Múnlaíonn dálaí oiliúna, cultúir eagraíochtúla, struchtúir iomaíochta, cleachtais rialachais agus conairí gairme eispéireas na lúthchleasaithe, na gcóitseálaithe agus na n-oifigeach spóirt.

³ Uachtaránacht na Cipire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh. (2026, an 5 Feabhra). *Mental health of athletes and coaches across participation and lifespan: Background paper*. [Meabhairshláinte lúthchleasaithe agus cóitseálaithe ar feadh a rannpháirtíochta agus a saolré: Páipéar cúlra.] Cruinniú Ard-Stiúrthóirí Spóirt an Aontais, Ionad Comhdhála Filoxenia, an Niocóis, an Chipir.

Cé gur minic a dhírítear na cineálacha cur chuige atá ann faoi láthair ar athléimneacht an duine féin a neartú agus ar a chumas déileáil le deacrachtaí, aithnítear níos mó ná riamh go bhféadfadh sé nach leor bearta den sórt sin amháin. Ina theannta sin, d'fhéadfadh stiogma a bhaineann leis an meabhairshláinte i gcomhthéacsanna spóirt, lena n-áirítear an bharúil gur comhartha laige í an dhrochshláinte mheabhrach, a bheith ina dhíspreagadh le cabhair a lorg agus éifeachtacht na mbearta atá ann cheana a theorannú. Léiríonn an taithí ó réimsí beartais eile gur minic gur gá aird a thabhairt ar dhálaí struchtúracha in éineacht le hiompraíochtaí aonair chun feabhsuithe leanúnacha a dhéanamh ar dhúshlái chasta shochoaíocha, lena n-áirítear gníomhaíocht choirp agus folláine. Bíonn tionchar ag na dálaí a chruthaítear laistigh de chórais spóirt ar an meabhairshláinte, lena n-áirítear déine agus eagrú na hiomaíochta, na hionchais feidhmíochta a bhíonn ann, agus an leibhéal tacaíochta atá ar fáil feadh na conaire spóirt. I gcás ina mbíonn ardleibhéil athléimneachta i measc na ndaoine lena mbaineann ag teastáil go leanúnach ó na córais sin, is gá scrúdú a dhéanamh ar na dálaí lena gcruthaítear an gá sin.

Ón taobh sin de, bíonn príomhbhreithniú beartais i gceist: conas is féidir córais spóirt a dhearadh nó a oiriúnú chun acmhainneacht agus teorainneacha an duine a aithint i ndáil le hualach oibre, téarnamh agus éilimh feidhmíochta agus chun a áirithiú go n-urramófar iad sin. Áirítear leis sin tacú le dálaí inar féidir leis an bhfolláine agus leis an bhfeidhmíocht a bheith ag treisiú a chéile, rud a laghdóidh an gá atá le hoiriúnú síceolaíoch leanúnach i measc lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oifigigh spóirt.

Ón taobh sin de, nuair a thugtar aird ar leas lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oifigeach spóirt, tagann feabhas, seachas meath, ar fhorbairt agus torthaí feidhmíochta. Mar a tugadh faoi deara ag an gcruinniú a bhí ag Ard-Stiúrthóirí an Spóirt i mí Feabhra, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir iompraíochtaí feidhmíochta agus an mheabhairshláinte, agus é á chur i bhfios go láidir nach mbaintear an bonn den fheidhmíocht trí aird a thabhairt ar an meabhairshláinte.

Comhlánaíonn an cur chuige beartais atá beartaithe na hiarrachtaí atá ann cheana trí bhéim níos mó a chur ar chosc, ar fhreagracht eagraíochtúil, agus ar cháilíocht na dtimpeallachtaí spóirt. Iarrann sé freisin go ndéanfaí machnamh ar an gcothromaíocht idir athléimneacht an duine féin a neartú agus aghaidh a thabhairt ar na dálaí struchtúracha a mhúnlaíonn an mheabhairshláinte, mar atá rannpháirtíocht, feidhmíocht, folláine agus daoine a choinneáil sa spórt. Ina theannta sin, leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá sé an mheabhairshláinte sa spórt a mheas mar fhreagracht chomhroinnte ar fud gníomhaithe agus réimsí beartais éagsúla, lena n-áirítear eagraíochtaí spóirt, córais oideachais agus struchtúir sláinte poiblí, agus ról na gcórais spóirt maidir leis na dálaí sin a mhúnlú á aithint ag an am céanna. Agus comhordú á neartú ar fud na réimsí sin, d'fhéadfaí tacú le cuir chuige níos inbhuanaithe agus níos coiscthe i leith na meabhairshláinte sa spórt.

Ról an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát

Laistigh dá inniúlacht, is féidir leis an Aontas Eorpach tacú leis na Ballstáit trí chomhar, malartú eolais agus forbairt cur chuige comhroinnte a éascú. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis:

- malartú cur chuige agus cleachtas fianaisebhunaithe a ndearnadh faireachán agus meastóireacht orthu a chur chun cinn;
- naisc a neartú idir an beartas spóirt agus tionscnaimh níos leithne de chuid an Aontais i réimse na sláinte, an oideachais agus an chuimsithe shóisialta;
- tacú le fothú acmhainneachta do chóitseálaithe, d'oifigigh spóirt agus d'eagraíochtaí spóirt;
- cur chuige comhordaithe a spreagadh maidir le cosaint, dálaí oibre agus leas lúthchleasaithe, cóitseálaithe agus oifigeach spóirt.

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin rannchuidiú le cur chuige níos comhleanúnaí agus níos comhtháite i leith na meabhairshláinte sa spórt ar fud an Aontais.

Seisiún tuairimíochta

Iarrtar ar na hAirí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na ceistanna seo a leanas (níor cheart freagraí is faide ná 3 nóiméad a thabhairt):

1. Conas is féidir leis na Ballstáit beartais agus cleachtais spóirt a fhorbairt nó a neartú a thuilleadh chun a áirithiú go gceapfar timpeallachtaí spóirt chun an brú síceolaíoch a laghdú agus, ag an am céanna, tacú le folláine mheabhrach na lúthchleasaithe, na gcóitseálaithe, na n-oifigeach spóirt agus an lucht saothair spóirt i gcoitinne? An bhfuil aon dea-chleachtas nó sampla agat a d'fhéadfaí a roinnt le Ballstáit eile sa réimse seo?
2. Cad iad na gníomhaíochtaí nó na cineálacha comhair de chuid an Aontais is fearr a d'fhéadfadh tacú leis na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán mheabhairshláinte agus chun an fholláine sa spórt a chur chun cinn?